

An Bhruiséil, 9 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

14270/26
ADD 1

DELECT 158
PECHE 403

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	8 Deireadh Fómhair 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2026) 7015 annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann le RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bearta teicniúla chun acmhainní iascaigh na Mara Ceiltí, Iarthar na hAlban, Mhuir Éireann agus Mhuir nlochta a chaomhnú

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 7015 annex.

Faoi iamh: C(2026) 7015 annex



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.10.2026
C(2026) 7015 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann le

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle
a mhéid a bhaineann le bearta teicniúla chun acmhainní iascaigh na Mara Ceiltí,
Iarthar na hAlban, Mhuir Éireann agus Mhuir nIocht a chaomhnú**

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241 mar a leanas:

(1) I gCuid B, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 1.3 go 1.6:

‘1.3 De mhaolú ar phointí 1.1 agus 1.2, beidh feidhm ag an méid seo a leanas maidir le soithí iascaireachta a oibríonn le tráil dobharchú ghrinnill (OTB, OTT, OTP, PTB, PTT, TBN) nó saighní (SSC, SDN, SPR, SX, SV) i ranna 7g de CITM, an chuid de 7h lastuaidh de dhomhanleithead 49° 30' ó Thuaidh, agus an chuid de 7j lastuaidh de dhomhanleithead 49° 30' ó Thuaidh agus lastoir de dhomhanfhad 11° Thiar:

(a) mura mbíonn feidhm ag pointí (b) ná (c), soithí iascaireachta a bhíonn ag oibriú le tráil dobharchú grinnill nó le saighní, úsáidfí siad trealamh ina bhfuil ceann de na mogallmhéideanna seo a leanas:

- (i) soc-fhoirceann 110 mm le painéal de mhogall cearnógach 120 mm; nó
- (ii) soc-fhoirceann 120 mm;

(b) i gcás ina mbíonn níos mó ná 30 % de ghliomaigh na hIorua (*Nephrops norvegicus*) sna gabhálacha, agus de mhaolú ar na forálacha a leagtar síos in Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 494/2002, na soithí iascaireachta a oibríonn le tráil dobharchú ghrinnill nó le saighní, úsáidfí siad soc-fhoirceann 80 mm agus ceann amháin de na trealaimh seo a leanas:

- (i) painéal de mhogall cearnógach 300 mm;
- (ii) bosca sórtála mogaill chearnógaigh Seltra¹ 300 mm; nó
- (iii) Greille shórtála Nordmøre² a bhfuil spás 35 mm ar a mhéad idir a barraí nó líonghreille roghnaíochta chomhchosúil líonghreille³;
- (iv) aon trealamh iascaireachta malartach atá cruthaithe a bheith ar a laghad chomh roghnaitheach céanna le haghaidh troisc, cadóige agus faoitíní, de réir measúnú arna dhéanamh ag CETEL. Le trealamh den sórt sin, comhlíonfar ceanglais Airteagal 15(4) agus déanfaidh an Coimisiún é a fhormheas.

(c) i gcás ina bhfuil níos mó ná 55 % de láimhínigh (*Lophiidae*), colmóirí (*Merluccius merluccius*) nó scoilteáin (*Lepidorhombus spp.*) le chéile sna gabhálacha, úsáidfí soithí iascaireachta a oibríonn le tráil dobharchú ghrinnill nó le saighní ceann amháin de na trealaimh seo a leanas:

- (i) soc-fhoirceann 100 mm le painéal de mhogall cearnógach 100 mm;
- (ii) soc-fhoirceann T90 100 mm agus píosa sínidh.

1.4 Beidh feidhm ag an bpointe seo de mhaolú ar phointí 1.2.

¹ ciallaíonn ‘bosca sórtála mogaill chearnógaigh Seltra 300 mm’ gaireas roghnaíochta ar fíor an méid a leanas ina leith: (i) tá barrphainéal air le mogallmhéid (mogall cearnógach) 300 mm ar a laghad, agus é curtha i roinn bosca ceithre phainéal, sa chuid dhíreach de shoc-fhoirceann; (ii) tá sé 3 mhéadar ar a laghad ar fhad; (iii) tá sé suite laistigh de 4 mhéadar ar a mhéad ón soc-fhoirceann; agus (iv) clúdaíonn sé leithead iomlán leathán uachtarach roinn bosca an tráil (i.e. ó dhlúthchiumhais go dhlúthchiumhais)

² Ciallaíonn ‘Greille shórtála Nordmøre’ gaireas roghnaíochta a bhfuil greille dhocht ann a bhfuil spás 35 mm ar a mhéad idir a barraí.

³ ciallaíonn ‘gaireas líonghreille’ gaireas roghnaíochta ag a bhfuil roinn ceithre phainéal arna cur isteach i dtrál dhá phainéal ag a bhfuil leathán claonta de líontán mogaill muileatach ag a bhfuil mogallmhéid 200 mm ar a laghad, rud a fhágann go bhfuil poll éalaithe ar bharr an tráil.

- 1.4.1 Beidh feidhm ag an méid seo a leanas maidir le soithí iascaireachta a oibríonn le tráil ghrinnill (OTB, OTT, OTP, PTB, PTT, TBN) nó saighní (SSC, SDN, SPR, SX, SV) i ranna 6a agus 5b de CITM laistigh d’uiscí an Aontais, lastoir de 12 Thiar (Iarthar na hAlban) in iascach ghliomaigh na hIorua (*Nephrops norvegicus*):
- (a) soithí a úsáideann soc-fhoirceann ar lú a mhogallmhéid ná 100 mm, úsáidfídh siad painéal de mhogallmhéid (suíomh arna choinneáil) 300 mm cearnach ar a laghad; i gcás soithí ar lú ná 12 mhéadar a bhfad iomlán nó a bhfuil cumhacht innill 200 kW nó níos lú acu, agus a úsáideann soc-fhoirceann ar lú a mhogallmhéid ná 100 mm, beidh fad foriomlán 2 mhéadar ar a laghad sa phainéal agus féadfaidh 200 mm ar a laghad a bheith i mogallmhéid an phainéil;
 - (b) soithí ar gliomaigh na hIorua iad níos mó ná 30 % dá ngabhálacha, úsáidfídh siad painéal de mhogallmhéid (suíomh arna choinneáil) 160 mm cearnach ar a laghad i gcás soithí a úsáideann soc-fhoirceann ina bhfuil mogallmhéid 100-119 mm.
- 1.4.2 Beidh feidhm ag an méid seo a leanas maidir le soithí iascaireachta a oibríonn le tráil dobharchú ghrinnill (OTB, OTT, OTP, PTB, PTT, TBN) nó saighní (SSC, SDN, SPR, SX, SV) i roinn 7de CITM (Muir Éireann):
- (a) mura bhfuil feidhm ag pointe (b), soithí a oibríonn le tráil dobharchú ghrinnill nó le saighní a bhfuil mogallmhéid a soc-fhoircinn comhionann le 70 mm nó níos mó ná sin agus ar lú é ná 100 mm agus ar gliomaigh na hIorua (*Nephrops norvegicus*) iad níos mó ná 30 % dá ngabhálacha, úsáidfídh siad ceann amháin de na trealamh seo a leanas:
 - (i) painéal de mhogall cearnógach 300 mm; soithí iascaireachta ar lú ná 12 mhéadar a bhfad foriomlán, féadfaidh siad painéal de mhogall cearnógach 200 mm a úsáid, áfach;
 - (ii) bosca sórtála mogaill chearnógaigh Seltra 300 mm;
 - (iii) Greille shórtála Nordmøre a bhfuil spás 35 mm ar a mhéad idir a barraí nó líonghreille roghnaíochta chomhchosúil líonghreille; nó
 - (iv) aon trealamh iascaireachta malartach atá cruthaithe a bheith ar a laghad chomh roghnaitheach céanna le haghaidh troisc, cadóige agus faoitíní, de réir measúnú arna dhéanamh ag CETEI. Le trealamh den sórt sin, comhlíonfar ceanglais Airteagal 15(4) agus déanfaidh an Coimisiún é a fhormheas.
 - (b) soithí arb é 12 mhéadar nó níos mó a bhfad iomlán agus a oibríonn le tráil dobharchú ghrinnill nó le saighní ar cadóg (*Melanogrammus aeglefinus*), troisc (*Gadus morhua*), sciataí agus roic (*Rajiformes*) le chéile iad níos mó ná 10 % dá ngabhálacha, úsáidfídh siad soc-fhoirceann 120 mm;
- 1.5 Beidh feidhm ag an bpointe seo de mhaolú ar na sonraíochtaí mogallmhéide a leagtar amach sa chéad cholún den tábla faoi phointe 1.2. Leanfaidh na coinníollacha gaolmhara a leagtar amach sa tríú colún den tábla sin d’fheidhm a bheith acu.
- 1.5.1 I roinn 7e de CITM (Muir nIocht Thiar);
- (a) soithí iascaireachta a oibríonn le tráil dobharchú ghrinnill (OTB, OTT, OTP, PTB, PTT, TBN) agus saighní (SSC, SDN, SPR, SX, SV) ar trosc (*Gadus morhua*), cadóg (*Melanogrammus aeglefinus*), faoitín (*Merlangius merlangus*)

nó glasán (*Pollachius virens*) le chéile iad níos mó ná 25 % dá ngabhálacha, úsáidfidh siad soc-fhoirceann 100 mm; agus

- (b) soithí iascaireachta a oibríonn le tráil dobharchú ghrinnill (OTB, OTT, OTP, PTB, PTT, TBN), tráil bhíoma (TBB), agus saighní (SSC, SDN, SPR, SX, SV) ar sóil nó leathóga le chéile iad níos mó ná 30 % dá ngabhálacha agus, i gcás tráil dobharchú nó saighní le gabhálacha breise ar trosc, cadóg, faoitín nó glasán le chéile iad níos lú ná 25 % dá ngabhálacha, úsáidfidh siad soc-fhoirceann 90 mm.

1.5.2 I roinn 7d de CITM (Muir nIocht Thoir), soithí iascaireachta a bhíonn ag iascaireacht le tráil dobharchú ghrinnill (OTB, OTT, OTP, PTB, PTT, TBN), tráil bhíoma (TBB), agus saighní (SSC, SDN, SPR, SX, SV) ar sól nó leathóg iad níos mó ná 30 % dá ngabhálacha le chéile, úsáidfidh siad soc-fhoirceann 90 mm.

1.6 Ríomhfar na céatadáin ghabhála i bpointí 1.3 go 1.5 mar chion de bheomheáchan na n-acmhainní bitheolaíocha mairí uile a thabharfar i dtír tar éis gach turais iascaireachta, i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus Airteagal 27(2) den Rialachán seo.'

(2) I gCuid B, cuirtear an pointe seo a leanas léi:

"1.7 Beidh feidhm ag na bearta i bpointí 1.3 go 1.6 go dtí an 31 Nollaig 2027.'

(3) I gCuid C, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 10:

"10. Srian ar iascaireacht le tráil dobharchú ghrinnill agus saighní sa Mhuir Cheilteach

10.1 Beidh toirmeasc ar shoithí iascaireacht a dhéanamh le tráil dobharchú ghrinnill (OTB, OTT, OTP, PTB, PTT, TBN) agus saighní (SSC, SDN, SPR, SX, SV) i ranna 7b, 7c, agus ó 7g go 7k de CITM.

Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc seo maidir le soithí sna cásanna seo a leanas:

- (a) go n-úsáideann siad soc-fhoirceann de mhogallmhéid 100 mm ar a laghad, gan dochar do mhogallmhéid an tsoc-fhoircinn a shonraítear i bpointe (b) de phointe 1.3 de chuid B den Iarscríbhinn seo sa limistéar a shonraítear faoi phointe 1.3 de chuid B den Iarscríbhinn seo; nó
- (b) nach mó ná 1,5 % a bhfoghábhálacha trosc, agus iascaireacht á déanamh lasmuigh de na limistéir a shonraítear faoi phointe 1.3 de chuid B den Iarscríbhinn seo.

10.2 Beidh na bearta i bpointe 10.1 infheidhme go dtí an 31 Nollaig 2027.'